



Meán Fómhair 2021

## Clár Vacsaínithe COVID-19

A Phríomhoide, a chara,

Seoladh an litir seo chugat chun tú a chur ar an eolas faoi nuashonruithe le déanaí ar chlár vacsaínithe COVID-19 Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS).

Tá an clár vacsaínithe COVID-19 á leathadh amach go fóill ag FSS agus tá níos mó ná 90% de dhaoine os cionn 16 bliana d'aois vacsaínithe go hiomlán anois.

Tá clinicí FSS siúil isteach oscailte ar fud na tíre inar féidir leo siúd nach bhfuair a vacsaín COVID-19 fós, an chéad agus an dara dáileog den vacsaín COVID-19 a fháil. Is féidir leat clárú ar líne fós nó labhairt le do dhochtúir teaghlaigh nó le duine éigin i do chógaslann áitiúil faoin vacsaín COVID-19 a fháil. Chun tuilleadh eolais a fháil, téigh chuig [hse.ie](http://hse.ie).

B'fhéidir gur mhaith leat roinnt eolais faoin gclár vacsaínithe a chur le suíomh gréasáin do scoile nó cuntais na meán sóisialta nó é a sheoladh le foláireamh téacs.

### Vacsaíní COVID-19 do leanaí 12-15 bliana d'aois

Molann an Coiste Comhairleach Náisiúnta Imdhíonta (NIAC) do thuismitheoirí agus do chaomhnóirí smaoineamh ar a gcuid leanaí 12-15 bliana d'aois a vacsaíniú. Go dtí seo tá os cionn 60% de leanaí san aoisghrúpa seo cláraithe chun a gcuid vacsaíní COVID-19 a fháil.

Moltar vacsaín COVID-19 go háirithe do mhic léinn:

- a bhfuil riocht sláinte orthu a chuireann iad i mbaol níos airde ó bhreiteacht throm mar gheall ar COVID-19
- atá ina gcónaí le duine atá i mbaol níos airde ó COVID-19.

Is lú an seans go gcaillfidh mic léinn atá vacsaínithe lá scoile agus gníomhaíochtaí eile mar gheall ar a bheith tinn le COVID-19.

Tá eolas le cuidiú le daoine atá ag smaoineamh ar a gcuid leanaí a vacsaíniú, lena n-áirítear eolas faoi na buntáistí agus an riosca a bhaineann le vacsaíniú, agus eolas faoi conas vacsaíniú a fháil, ar an suíomh gréasáin

[www.hse.ie/covid19vaccine](http://www.hse.ie/covid19vaccine).

### Vacsaíní COVID-19 a fháil le vacsaíní eile

Fuair a lán mac léinn a vacsaín COVID-19 le déanaí; tá cuid de na mic léinn seo sa chéad bhliain agus tá vacsaíniú HPV agus Tdap á thairiscint dóibh anois chun papalómaivíreas daonna, teiteanas, diftéire agus triuch a chosc. Níos déanaí sa bhliain acadúil tabharfar a dara dáileog den vacsaín HPV agus dáileog den vacsaín MenACWY do mhic léinn.

Molann NIAC gur féidir vacsaíní eile a fháil le vacsaíní COVID-19 ag an am céanna nó ag aon eatramh. Áirítear leis sin HPV, Tdap, MenACWY agus an vacsaín flú spraeála sróine a thairgfear do gach leanbh 2-17 mbliana d'aois san Fhómhar.

Tá eolas faoi na cláir imdhíonta scoile ar fáil ar shuíomh gréasáin na hOifige Náisiúnta Imdhíonta (NIO) ar

<https://www.hse.ie/eng/health/immunisation/pubinfo/schoolprog/>





## Toiliú

Níl ach tuismitheoir agus caomhnóir dlíthiúil/tuismitheoirí agus caomhnóirí dlíthiúla i dteideal toiliú le vacsaíní a thabhairt do mhic léinn faoi 16 bliana d'aois.

Ba chóir do dhaoine 16 bliana d'aois agus níos sine a gcinneadh eolasach féin a dhéanamh toiliú nó diúltú do thoiliú le vacsaíní, má tá sé de chumas acu amhlaidh a dhéanamh.

Tá físeán ina dtugtar eolas faoi thoiliú ar fáil ó Cainéal YouTube NIO ar <https://youtu.be/GcBEjuHUPtE>

## Vacsaíní do Mhná Torracha

Molann NIAC anois gur féidir le mná torracha an vacsaín COVID-19 a fháil ag céim ar bith den toircheas. Ní bhíonn ach comharthaí éadroma go measartha ag an gcuid is mó de na mná torracha ar a dtagann an víreas COVID-19. Is féidir leanbh a bheith acu mar a bhí beartaithe agus níl ach riosca beag ann go dtabharfaidh siad COVID-19 dá leanbh. Mar sin féin, is dóichí go n-éireoidh siad an-tinn agus go dteastóidh cóireáil uathu i ndianchúram ná bean nach bhfuil ag iompar clainne.

Tá sé tábhachtach do mhná torracha na rioscaí agus na tairbhí a bhaineann leis an vacsaín a fháil a phlé lena Obstatraí, Cnáimhseach nó Dochtúir sula bhfaigheann siad an vacsaín.

Tá eolas ar fáil freisin ar shuíomh gréasáin [www.hse.ie/covid19vaccine](http://www.hse.ie/covid19vaccine) agus [www.rcpi.ie](http://www.rcpi.ie).

## Vacsaíní do dhaoine atá imdhíon-lagaithe

Molann NIAC anois an tríú dáileog phríomhúil den vacsaín COVID-19 do líon beag daoine a bhfuil riochtaí sláinte ar leith orthu. Níl aon mholtaí ann faoi láthair maidir le dáileoga breise vacsaíne d'aon ghrúpa eile.

Rachaidh FSS i dteagmháil le daoine atá chun an tríú dáileog phríomhúil vacsaínithe a fháil, ag úsáid na cumarsáide traidisiúnta agus digití.

Má theastaíonn tuilleadh eolais uait féin, ó d'fhoireann nó ó thuismitheoirí ar bith faoi vacsaíní COVID-19, molaimid cuairt a thabhairt ar shuíomh gréasáin FSS [www.hse.ie/COVID19Vaccine](http://www.hse.ie/COVID19Vaccine). Tá eolas ar fáil freisin i níos mó ná 30 teanga, chomh maith le formáidí inrochtana mar Theanga Chomharthaíochta na hÉireann, Braille, EasyRead agus cló mór.

Is é an vacsaín COVID-19 an bealach is fearr chun muid féin agus ár bpobail a chosaint agus gabhaimid buíochas leat as do thacaíocht agus dúshláin fós os comhair ár scoileanna i mbliana.

Le meas

An Dr Lucy Jessop, Stiúrthóir na Sláinte Poiblí, Oifig Náisiúnta Imdhíonta  
Uimhir Chlárúcháin Leighis 424447

